£1/€1.50 BOOK
INFORMATION SHEET

INIS MARA

WRITTEN BY: Tristan Rosenstock
ILLUSTRATED BY: Mark Wickham
PUBLISHER: *Leabhair*COMHAR

ABOUT THE BOOK:

The people of Inis Mara had a lovely life, and everyone was happy. But when 'an Santóir' becomes the leader, everything goes downhill, and he ruins the beautiful island with dirty air. There is a brave girl on the island who inspires everyone to take a stand and Éabha decides to do her best to stop 'an Santóir'.

This is a modern adventure story about climate change, the value of working with others, and the importance of the truth. Readers both young and old will enjoy and benefit from Éabha's adventures as she tries to save her community from the crooked leader who is destroying the island. And the story reminds us over and over again that no man is an island.

ABOUT THE AUTHOR:

Tristan Rosenstock is an author, editor, broadcaster and bodhrán player. He presents RTÉ Raidió na Gaeltachta's arts series *An Cúinne Dána* along with other literary programmes and is literary editor of the monthly magazine *Comhar*. He has toured the world with traditional group Téada. He is married to children's author Sadhbh Rosenstock and they live at the foot of the Dublin Mountains with their two young readers. *Inis Mara* is his debut book.

ABOUT THE ILLUSTRATOR:

Mark Wickham is a designer and illustrator living in West Cork. He has worked in the publishing industry for over 20 years. He has exhibited his illustration work both in Ireland and internationally. He has illustrated children's picture books, one of which was nominated for a children's book of the year at the Irish Book Awards. Mark and his partner, Tara Kennedy, recently set up WORK SHOP, a creative space for all ages in Bantry.

If you liked this then try...

Author: Patricia Forde
Illustrator: Lauren O'Neill
Publisher: Futa Fata

Author: Sadhbh Rosenstock
Illustrator: Ciara Ní Dhuinn
Publisher: Picnic Press

Author: Sadhbh Devlin
Illustrator: Brian Fitzgerald
Publisher: Futa Fata

Author: Gabriel Rosenstock
Illustrators: Tarsila Krüse and Úna Woods
Publisher: Futa Fata

Sponsored by NATIONAL BOOK tokens

Changing lives through a love of books and reading
World Book Day® is a registered charity sponsored by National Book Tokens
Registered charity number 1079257 (England and Wales) | Registered company number 03783095 (UK).

£1/€1.50 BOOK
INFORMATION SHEET

World Book Day have worked with Coram Beanstalk and Bag Books to create activities that open the door to each book before the child even opens the front cover.

BOOK CHAT:

- What makes a good leader in your opinion? What makes a bad leader?
- What do you think about climate change? What can we do to stop it from ruining the planet?
- Why do you think working together is important in this story? Why do we need to work as a team to stop climate change?

A GAME YOU COULD PLAY:

You can play this game on your own or in conversation with a partner.

- Imagine you are stranded on a deserted island, with no way of reaching the mainland.
- What 3 items would you take with you to help you survive?
- What food would you not be able to live without on the island?
- What special item would you take?

SENSORY ACTIVITY:

Sensory Nature Walk

How can we use our senses to connect with the world around us?

Look at the beautiful colours and shapes of the trees and leaves. How many different ones can you find?

Feel the bark of the trees. How does it feel under your fingers? Is it rough, smooth, or bumpy?

Listen to the sounds you make as you move. Do your feet or wheels make different sounds on different types of ground?

Take a moment to smell the air. What scents can you detect?

And listen carefully, what sounds do you hear around you?

coram Beanstalk creating readers

BAG BOOKS

Sponsored by NATIONAL BOOK tokens

Changing lives through a love of books and reading
World Book Day® is a registered charity sponsored by National Book Tokens
Registered charity number 1079257 (England and Wales) | Registered company number 03783095 (UK).

LÁ DOMHANDA NA LEABHAR
WORLD BOOK DAY®

LEABHAR €1.50 | €1.50 BOOK

LEATHANACH EOLAIS | INFORMATION SHEET

INIS MARA

SCRÍOFA AG: Tristan Rosenstock
MAISITHE AG: Mark Wickham
FOILSITHEOIR: *Leabhair*COMHAR

MAIDIR LEIS AN LEABHAR:

Bhí saol breá ag muintir Inis Mara agus bhí gach duine sona sásta. Ach nuair a cheaptar an Santóir mar cheannaire, téann gach rud in olcas agus milleann sé an t-oileán álainn le haer salach. Tá cailín cróga ar an oileán a spreagann gach duine chun seasamh a thógáil agus beartaíonn Éabha a dícheall a dhéanamh chun an Santóir a stopadh.

Scéal comhaimseartha eachtraíochta atá anseo a bhaineann le cúrsaí athrú aeráide, leis an tábhacht a bhaineann le bheith ag comhoibriú le daoine eile, agus le tábhacht na fírinne. Bainfidh léitheoirí óga agus aosta taitneamh agus tairbhe as eachtraí Éabha agus í ag iarraidh a pobal a thabhairt slán ón gceannaire cam atá ag milleadh an oileáin. Agus meabhraíonn an scéal dúinn arís is arís eile gur ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.

MAIDIR LEIS AN ÚDAR:

Craoltóir, ceoltóir, údar agus eagarthóir is ea Tristan Rosenstock. Tá sé ina Chlár Reachtaire le RTÉ Raidió na Gaeltachta agus cuireann sé an clár ealaíon *An Cúinne Dána* i láthair, chomh maith le cláracha liteartha eile. Ón mbliain 2017 i leith tá sé ina eagarthóir liteartha ar an iris *Comhar*. Tá an domhan siúlta aige i dteannta an ghrúpa Téada. É pósta ar an údar Sadhbh Rosenstock agus cónaí orthu ag bun shléibhte Bhaile Átha Cliath lena mbeirt léitheoirí óga. Is é *Inis Mara* an chéad leabhar atá tagtha óna pheann.

MAIDIR LEIS AN MAISITHEOIR:

Is dearthóir agus maisitheoir é Mark Wickham a bhfuil cónaí air in Iarthar Chorcaí. Tá sé ag obair in earnáil na foilsitheoireachta le breis is 20 bliain anuas. Bhí a shaothar ar taispeáint mar chuid de thaispeántais in Éirinn agus thar lear. Tá roinnt pictiúrleabhair do pháistí maisithe aige agus ainmníodh ceann de na pictiúrleabhair sin mar leabhar páistí na bliana ag na Irish Book Awards. Bhunaigh Mark agus a pháirtí, Tara Kennedy, WORK SHOP le déanaí, spás cruthaitheach i mBeanntraí le haghaidh gach aoisghrúpa.

Má thaitin seo leat bain triail as...

Údar: Patricia Forde
Maisitheoir: Lauren O'Neill
Foilsitheoir: Futa Fata

Údar: Sadhbh Rosenstock
Maisitheoir: Ciara Ní Dhuinn
Foilsitheoir: Picnic Press

Údar: Sadhbh Devlin
Maisitheoir: Brian Fitzgerald
Foilsitheoir: Futa Fata

Údar: Gabriel Rosenstock
Maisitheoir: Tarsila Krüse agus Úna Woods
Foilsitheoir: Futa Fata

Arna urrú ag NATIONAL BOOK tokens

Ag athrú saol daoine trí ghrá do leabhair agus don léitheoireacht.
Is carthanas é Lá Domhanda na Leabhar® arna urrú ag Dearbháin Leabhair Náisiúnta.

LÁ DOMHANDA NA LEABHAR
WORLD BOOK DAY®

LEABHAR €1.50 | €1.50 BOOK

LEATHANACH EOLAIS | INFORMATION SHEET

Tá Lá Domhanda na Leabhar tar éis a bheith ag obair le Coram Beanstalk agus Bag Books chun gníomhaíochtaí a chruthú a osclaíonn an doras ar gach leabhar sula n-osclóidh an páiste an chéad leathanach fiú.

COMHRÁ LEABHAIR:

- Cad is ábhar maith ceannaire ann, dar leat? Cad is ábhar droch-cheannaire ann?
- Cad a cheapann tú faoin athrú aeráide? Cad is féidir linn a dhéanamh lena stopadh ón bpláinéad a scriosadh?
- Cén fáth, dar leat go bhfuil sé tábhachtach a bheith ag obair le chéile sa scéal seo? Cén fáth ar gá dúinn a bheith ag obair mar fhoireann chun stop a chur leis an athrú aeráide?

CLUICHE A D'FHÉADFÁ A IMIRT:

Is féidir leat an cluiche seo a imirt leat féin nó i gcomhrá le comhpháirtí.

- Samhlaigh go bhfuil tú fágtha ar oileán tréigthe, gan aon chaoi an mhórthír a bhaint amach.
- Cad iad na trí rud a thabharfá leat le cabhrú leat teacht slán?
- Cén bia nach mbeifeá in ann maireachtáil ina uireasa ar an oileán?
- Cén rud speisialta a thabharfá leat?

GNÍOMHAÍOCHT CHÉADFACH

Siúlóid Dúlra na gCéadfaí

Conas is féidir linn ár gcéadfaí a úsáid chun nascadh leis an domhan timpeall orainn?

Breathnaigh ar dhathanna agus ar chruthanna áille na gcrann agus na nduilleog. Cé mhéad ceann éagsúil gur féidir leat a aimsiú?

Mothaigh coirt na gcrann. Conas a bhraitheann sí faoi do mhéara? An bhfuil sí garbh, mín nó cnapánach?

Éist leis na fuaimeanna a dhéanann tú agus tú ag bogadh. An ndéanann do chosa nó do rothaí fuaimeanna difriúla ar chineálacha difriúla talaimh?

Tóg nóiméad chun boladh an aeir a fháil. Cad iad na bolaithe gur féidir leat a fháil?

Agus éist go cúramach, cad iad na fuaimeanna a chluineann tú timpeall ort?

coram Beanstalk
creating readers

BAG BOOKS

Arna urrú ag NATIONAL BOOK tokens

Ag athrú saol daoine trí ghrá do leabhair agus don léitheoireacht.
Is carthanas é Lá Domhanda na Leabhar® arna urrú ag Dearbháin Leabhair Náisiúnta.